Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7894/21**

**DEVGEN 72**
**COVID-19 152**
**ACP 25**
**RELEX 319**
**COHAFA 33**
**COAFR 95**
**SUSTDEV 39**
**ELARG 13**
**COWEB 33**
**COEST 90**
**MAMA 63**
**MOG 35**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Aibreán 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7752/21 |
| Ábhar: | Foireann na hEorpa<br>- Conclúidí ón gComhairle (23 Aibreán 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Foireann na hEorpa, arna bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn an 23 Aibreán 2021.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le Foireann na hEorpa

### Comhthéacs

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na Conclúidí uaithi an 8 Meitheamh 2020 agus cuireann sí chun suntais go rannchuidíonn cur chuige Fhoireann na hEorpa le ceannaireacht, freagracht agus dlúthpháirtíocht dhomhanda an Aontais a léiriú. Tá sé d'aidhm ag Foireann na hEorpa tacaíocht chomhpháirteach a thabhairt do chomhpháirtithe chun riachtanais phráinneacha a shárú agus tionchair sláinte, shóisialta, eacnamaíocha, dhaonnúla, shlándála agus pholaitiúla phaindéim COVID-19 a mhaolú, agus cearta an duine, comhionannas inscne, an daonlathas, an dea-rialachas agus an smacht reachta a chaomhnú ag an am céanna. Tá sé d'aidhm ag Foireann na hEorpa freisin cur i gcoinne dhul in olcas na n-éagothromaíochtaí, neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an mhíchothaithe chomh maith le foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil drochthionchar ag COVID-19 ar mhná agus ar chailíní ar fud an domhain agus athdhearbhaíonn sí gur tosaíochtaí sonracha an Aontais iad an comhionannas inscne agus an príomhshruthú inscne i ngach ceann dá réimsí gníomhaíochta agus go bhfuil gá le bearta sonracha i ndáil leis sin ar gach leibhéal. Admhaíonn an Chomhairle an rannchuidiú tábhachtach a thug gach comhalta d'Fhoireann na hEorpa mar chuid de fhreagairt dhomhanda an Aontais ar COVID-19. Tugann an Chomhairle dá haire gurb ionann na ranníocaíochtaí mar a léirítear iad sa chóras comhpháirteach faireacháin airgeadais le haghaidh COVID-19 agus EUR 40.5 billiún amhail ó Eanáir 2021.

2. Meabhraítear don Chomhairle gurb é atá i bhFoireann na hEorpa an tAontas, na Ballstáit, a líonra taidhleoireachta, a n-institiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc náisiúnta forbartha, agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Oibríonn gach comhalta d'Fhoireann na hEorpa le chéile ar bhealach cuimsitheach, comhordaithe chun tacú leis na comhpháirtithe. I dteannta a chéile is fearr í Foireann na hEorpa.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil comhroinnt faisnéise réamhghníomhach, dlúthchomhairle, comhordú agus solúbthacht ag gach ball foirne bunriachtanach chun go mbeidh tionchar inbhuanaithe ag gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Is cuid bhunriachtanach de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais é sin freisin.

**Gealltanais & Gníomhaíochtaí**

4. Cuireann an Chomhairle i dtreis go gcuidíonn Foireann na hEorpa le luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain, go bhfuil a cuid cuspóirí ag teacht go hiomlán leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt agus le Straitéis Dhomhanda an Aontais. Cuireann an Chomhairle i dtreis go ndírítear le hidirghabhálacha Fhoireann na hEorpa ar théarnamh inbhuanaithe domhanda de mheon 'atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise', ar Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a ghabhann leis agus ar Spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Is é is aidhm d'Fhoireann na hEorpa gan aon duine a fhágáil ar leataobh agus tarrtháil a dhéanamh ar an té sin is faide ar gcúl ar dtús, agus cuimsiú agus rannphháirtíocht na n-óg a áirithiú ag an am céanna. Gníomhaíonn Foireann na hEorpa i gcomhréir le riachtanais agus tosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta, agus éascaíonn sí an t-aistriú chuig geilleagair agus sochaithe cuimsitheacha inbhuanaithe, chun digiteáil ar mhaithe le forbairt agus nascacht inbhuanaithe a chur chun cinn, chun athléimneacht a threisiú agus chun an baol go mbeidh géarchéimeanna ann amach anseo a laghdú.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil Foireann na hEorpa go hiomlán tiomanta téarnamh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus d'infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí uaillmhianacha ar son na haeráide a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Glas don Eoraip. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé tacú le tíortha comhpháirtíochta ina gcuid iarrachtaí a gcuid beartas a ailíniú ar bhealach níos fearr le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur pointí tagartha tábhachtacha iad na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe gorma agus glasa. Chun nádúr casta na n-idirchaidreamh idir an duine agus an comhshaol a chur san áireamh, cuireann an Chomhairle i dtreis an gá atá ann bithéagsúlacht agus foraoisí an phláinéid a chaomhnú, úsáid inbhuanaithe talún agus aigéan a chur chun cinn, agus molann sí úsáid cineálacha cuimsitheacha cur chuige amhail 'Aon Sláinte Amháin'.

6. Léiríonn cur chuige Fhoireann na hEorpa tiomantas láidir an Aontais agus a chuid Ballstát don iltaobhachas agus cuirtear i dtreis leis a thábhachtaí atá an comhar le hinstitiúidí iltaobhacha agus an comhordú laistigh díobh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, go háirithe laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe (NA) agus maidir le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais (IFIanna).

7. Tá ról tábhachtach ag an Aontas agus a Bhallstáit i gcomhordú na n-iarrachtaí idirnáisiúnta maidir le faoiseamh fiachais agus cóireáil fiachais agus tá siad tiomanta iarrachtaí idirnáisiúnta maidir le faoiseamh fiachais a chur chun cinn ar bhealach comhordaithe laistigh de chreataí iltaobhacha ábhartha amhail CAI/an Banc Domhanda agus tionscnamh G20 agus tionscnamh Chlub Pháras.

8. Tá Foireann na hEorpa tiomanta an tsláinte dhomhanda a fheabhsú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus níos faide anonn. Tá sé bunriachtanach rochtain thráthúil, chothrom agus chomhionann a áirithiú ar vacsaíní, teiripe agus diagnóisic atá sábháilte, inacmhainne agus éifeachtach i gcoinne COVID-19 – mar leas poiblí domhanda. Tá an tAontas agus a Bhallstáit i gcroílár na n-iarrachtaí iltaobhacha ábhartha, go háirithe i ndáil leis an Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19 agus an tSaoráid COVAX atá aige. Is príomhthosaíochtaí iad córais sláinte, uisce agus sláintíochta a neartú, ullmhacht d'eipidéimí agus freagairt orthu a chumasú, agus cuir chuige uileghabhálacha chuimsitheacha i leith sláinte poiblí a chur chun cinn.

9. Thairis sin, meabhraítear don Chomhairle gealltanas an Aontais, faoin gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, a bheith tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus clár oibre gníomhaíochta Bhéising agus clár gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach mar aon le torthaí a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe agus tá sí tiomanta i gcónaí do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin.

10. Iarrann an Chomhairle ar gach comhalta d'Fhoireann na hEorpa infheictheacht a rannpháirtíochta comhpháirtí mar Fhoireann na hEorpa a mhéadú ar bhealach straitéiseach, lena n-áirítear trí theachtaireachtaí comhpháirteacha neartaithe ar gach leibhéal agus trí úsáid fhorleathan a bhaint as an sainaitheantas físeach nua atá ag Foireann na hEorpa. Ní mór cur i gcoinne na bréagaisnéise ar bhealach gníomhach. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá le cumarsáid shaincheaptha straitéiseach, agus iarrann sí an athuair ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS straitéis láidir chumarsáide a fhorbairt.

11. Iarrann an Chomhairle ar Fhoireann na hEorpa leanúint de bheith ag freagairt go comhpháirteach ar an ngéarchéim, agus aird iomlán á tabhairt ar an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin agus an cur chuige comhtháite. Ní mór do na geallsealbhóirí uile cloí leis na prionsabail dhaonnúla agus cloí leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta i ngach cás, go háirithe maidir le rochtain thráthúil, shábháilte, gan bhac a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa leanúint de bheith ag foghlaim óna dtaithí, d'fhonn éifeachtacht rannpháirtíocht chomhpháirteach an Aontais a mhéadú a thuilleadh tar éis na géarchéime.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil sé ríthábhachtach comhleanúnachas a chosaint maidir le clársceidealú chistí an Aontais faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) atá beartaithe, go háirithe maidir leis an gcaidreamh idir Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa (TEInna) agus Clársceidealú Comhpháirteach/Comhar Níos Fearr le Chéile. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí Fhoireann na hEorpa tionscnaimh Fhoireann na hEorpa a chomhordú go dlúth agus a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i bpáirt le chéile agus ar bhealach cuimsitheach.

13. Cuireann an Chomhairle chun suntais na prionsabail seo a leanas a bhaineann le TEInna:

   a. Ní mór do TEInna díriú ar an tionchar claochlaitheach is mó agus ar an athrú sistéamach i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús áite don bheartas' agus le cuspóirí agus luachanna straitéiseacha an Aontais. Ní mór do TEInna rannchuidiú leis na cuspóirí agus na spriocanna faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta atá beartaithe. Ní mór TEInna a phleanáil ar bhealach straitéiseach comhleanúnach, a bheidh nasctha le hidirphlé polaitiúil agus beartais agus le hathchóirithe tacaíochta.
   b. Ní mór TEInna a ailíniú le riachtanais agus tosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta. Ní mór iad a cheapadh agus a chur chun feidhme trí rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe ábhartha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí cur chun feidhme sin ar an talamh.
   c. Ní mór do TEInna cloí le prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta, na hinbhuaine, na héifeachtachta agus na dtorthaí, 'na neamhdhíobhála', úinéireacht na dtíortha agus na comhpháirtíochta cuimsithí.
   d. Ní mór do TEInna cumas forbartha na hearnála príobháidí agus na sochaí sibhialta a ghiaráil, agus tacú lena ról neamhspleách, gníomhach i gclaochlú daonlathach agus an ról sin a chumhachtú.
   e. Ní mór do TEInna forbairt chun cur leis an úsáid a bhaintear as an gClársceidealú Comhpháirteach mar an cur chuige ab fhearr, i gcás inar féidir. Is féidir leo leas a bhaint freisin as gealltanais dhéthaobhacha na mBallstát agus comhaltaí eile d'Fhoireann na hEorpa. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta bunaithe maidir le Clársceidealú Comhpháirteach chun an luas, an inúsáidteacht agus an tsolúbthacht a mhéadú.
   f. Ní mór TEInna a chur ar bun ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach/iltíre. Ba cheart féachaint ar TEInna téamacha ar an leibhéal domhanda.
   g. Ní mór faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar TEInna, agus, más gá, ní mór iad a choigeartú.

14. Leanfaidh an Chomhairle de threoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le rannpháirtíocht chomhpháirteach Fhoireann na hEorpa ar bhonn rialta.

______________________